

An Bhruiséil, 14 Iúil 2026
(OR. en)

11910/26

ENV 948
CLIMA 397
FORETS 109
AGRI 594
RELEX 1015
DELECT 116

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	13 Iúil 2026
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	C(2026) 4920 final
Ábhar:	RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN an 13.7.2026 lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/1115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis an liosta de thráchtearraí ábhartha agus de tháirgí ábhartha

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2026) 4920 final.

Faoi iamh: C(2026) 4920 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 13.7.2026
C(2026) 4920 final

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN

an 13.7.2026

lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/1115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis an liosta de thráchtearraí ábhartha agus de tháirgí ábhartha

{SWD(2026) 194 final}

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

I gcomhréir le hAirteagal 3 de Rialachán (AE) 2023/1115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tráchtearraí agus táirgí áirithe atá bainteach leis an dífhoraioisiú agus leis an díghrádú foraoisí a chur ar fáil ar mhargadh an Aontais agus a onnmhairiú ón Aontas agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 995/2010 (dá ngairtear ‘an Rialachán maidir le Dífhoraioisiú’ anseo feasta), ní chuirfear tráchtearraí ábhartha ná táirgí ábhartha ar mhargadh an Aontais ná ní chuirfear ar fáil ar mhargadh an Aontais iad ná ní onnmhaireofar iad, ach amháin má chomhlíontar na coinníollacha uile seo a leanas:

- (a) Tá siad gan dífhoraioisiú;
- (b) Táirgeadh iad i gcomhréir le reachtaíocht ábhartha na tíre táirgthe; agus
- (c) cumhdaítear iad le ráiteas maidir le dícheall cuí.

Sainmhínítear in Airteagal 2(1) den Rialachán maidir le Dífhoraioisiú tráchtearraí ábhartha mar eallach, cócó, caife, pailm ola, rubar, soighe agus adhmaid. Sainmhínítear in Airteagal 2(2) den Rialachán maidir le Dífhoraioisiú táirgí ábhartha mar tháirgí a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán céanna a bhfuil tráchtearraí ábhartha iontu, a cothaíodh leis na tráchtearraí sin nó ar úsáideadh tráchtearraí ábhartha lena ndéanamh.

Sula gcuirfear táirgí ábhartha ar mhargadh an Aontais, sula gcuirfear iad ar fáil ar mhargadh an Aontais, nó sula n-onnmhairítear iad ó mhargadh an Aontais, beidh oibreoirí agus trádálaithe faoi réir oibleagáidí sonracha díchill chuí a mhéid a bhaineann le táirgí ábhartha de bhun Airteagail 4 agus 5 den Rialachán maidir le Dífhoraioisiú.

Le hAirteagal 34(1) den Rialachán maidir le Dífhoraioisiú, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun Iarscríbhinn I a leasú maidir le cóid AC ábhartha na dtáirgí ábhartha a bhfuil tráchtearraí ábhartha iontu, a cothaíodh le tráchtearraí ábhartha nó ar úsáideadh tráchtearraí ábhartha lena ndéanamh.

Leis an Doiciméad Inmheánach Oibre maidir leis an measúnú tionchair a ghabhann leis an togra bunaidh le haghaidh Rialachán maidir leis an Dífhoraioisiú¹, díreann ar thráchtearraí a shainaithint lena mbaineann an dlús is mó den dífhoraioisiú corpraithe. Bunaíodh rogha na dtáirgí díorthaithe ar phríomh-mhéideanna trádála gach táirge amháin, mar a bhí siad i mbunachair sonraí trádála, seachas i gcás adhmaid inar úsáideadh Rialachán (AE) Uimh. 995/2010 (‘Rialachán Adhmaid AE’)² mar thúsphointe. Moladh sa mheasúnú tionchair tosaigh staidéar nua a dhéanamh agus anailís a dhéanamh ar na costais agus ar na tairbhí a d’fhéadfadh a bheith ann agus na táirgí a mhapáil, cur chuige lena gcumhdófaí réimse níos mó i dtéarmaí an dífhoraioisithe chorpraithe ar an gcostas is ísle a d’fhéadfadh a bheith ann.

I mí Aibreáin 2025, d’fhoilsigh an Coimisiún dréacht-Ghníomh Tarmligthe chun aiseolas a fháil ón bpobal ar feadh 4 seachtaine, méid nár athraigh raon táirgí an Rialacháin maidir leis an Dífhoraioisiú ach lenar tugadh isteach réitigh theicniúla spriocdhírthe le haghaidh catagóirí

¹ Doiciméad inmheánach oibre maidir leis an measúnú tionchair tosaigh (https://environment.ec.europa.eu/document/download/7ab29a87-09a1-45f9-b83b-cd80765de10f_en?filename=SWD_2021_326_1_EN_impact_assessment_part1_v4.pdf)

² Rialachán (AE) Uimh. 995/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Deireadh Fómhair 2010 lena leagtar síos oibleagáidí na n-oibreoirí a chuireann adhmaid agus táirgí adhmaid ar an margadh (IO L 295/23, 12.11.2010, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2010/995/oj>).

sonracha táirgí, amhail samplaí, táirgí a úsáidtear chun anailís, scrúdú agus tástáil a dhéanamh agus dramhaíl.

Mhair an tréimhse 4 seachtaine le haghaidh aiseolas ón bpobal ón 15 Aibreán 2025 go dtí an 13 Bealtaine 2025. An tráth céanna, an 30 Aibreán 2025, chuaigh an Coimisiún i gcomhairle le Grúpa Saineolaithe na mBallstát/an tArdán Ilpháirtithe Leasmhara maidir le Foraoisí an Domhain a Chosaint agus a Athbhunú, lena n-áirítear Rialachán Adhmaid AE agus an Rialachán maidir le Forghníomhú an Dlí, Rialachas agus Trádáil i dtaca le Foraoisí (FLEGT)³ maidir leis an dréacht-Ghníomh Tarmligthe. Le linn na 4 seachtaine sin ina bhfuarthas aiseolas ón bpobal agus sna comhairliúcháin leis na Ballstáit, bhí comhdhearcadh leathan ann faoi na tograí sa dréacht-Ghníomh Tarmligthe. Mar sin féin, thug thart ar 40 % de na freagróirí a thug aiseolas, lena n-áirítear cumainn thionsclaíocha, cuideachtaí agus saoránaigh, barúlacha thar na réitigh theicniúla atá beartaithe, agus iad ag moladh táirgí díorthaithe áirithe a chur faoi raon feidhme an Rialacháin maidir leis an Dífhoraoisiú nó a bhaint de.

Leasaítear leis an Rialachán Tarmligthe seo Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/1115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle i bhfianaise sonraí comhshaoil, trádála agus eacnamaíochta i bhfianaise an ionchuir a fuarthas. Tá gá le hathruithe ar Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/1115 freisin chun nach ndéanfar táirgí díorthaithe iarteachtacha ar táirgí iad a díorthaíodh de thráchtearraí ábhartha áirithe a chur ar mhargadh an Aontais gan oibleagáidí an Rialacháin sin a chomhlíonadh agus chun athlonnú an riosca dífhoraoisithe a sheachaint, i gcás ina ndéanann sé sin dochar do chuspóirí an Rialacháin arb éard atá iontu an dífhoraoisiú agus an díghrádú foraoisí a chomhrac.

Leis an Rialachán Tarmligthe seo, tugtar isteach in Iarscríbhinn I réitigh theicniúla spriocdhírithe theoranta le haghaidh an liosta táirgí ábhartha a chuirtear i láthair i ndr éacht-Rialachán Tarmligthe 2025, chun an chaoi a bhfuil feidhm ag Rialachán (AE) 2023/1115 i gcásanna áirithe agus maidir le catagóirí táirgí a shoiléiriú. Tá gá leis na hathbhreithnithe sin chun cur i bhfeidhm níos simplí agus níos éasca an Rialacháin maidir le Dífhoraoisiú agus deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú. Leis na réitigh theicniúla spriocdhírithe, cuirtear cosc freisin ar fhadhbanna ag teorainneacha seachtracha an Aontais toisc go mbeidh soiléireacht ag oibreoirí agus ag údaráis chustaim maidir leis na táirgí atá faoi raon feidhme an Rialacháin maidir le Dífhoraoisiú nó atá lasmuigh dá raon feidhme. Seachnófar leis freisin costais riaracháin nach bhfuil gá leo d'oibreoirí, do thrádálaithe agus d'údaráis inniúla.

Cuirtear san áireamh sa Rialachán Tarmligthe seo an t-ionchur a chuir na páirtithe leasmhara isteach le linn na tréimhse 4 seachtaine anuraidh a bhfuarthas aiseolas ón bpobal lena linn mar aon le hionchur a fuarthas ar leithligh ó na páirtithe leasmhara maidir le hathruithe ar an raon feidhme in Iarscríbhinn 1. An anailís chun meastóireacht a dhéanamh ar na hathruithe atá beartaithe ar raon táirgí Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/1115, cuirtear i láthair í i ndoiciméad inmheánach oibre a ghabhann leis an Rialachán Tarmligthe seo.

2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

An 21 Bealtaine 2026, chuaigh an Coimisiún i gcomhairle le Grúpa Saineolaithe na mBallstát/Ardán Ilpháirtithe Leasmhara maidir le Foraoisí an Domhain a Chosaint agus a Athbhunú, lena n-áirítear Rialachán Adhmaid AE agus Rialachán FLEGT.

³ Rialachán (CE) Uimh. 2173/2005 ón gComhairle an 20 Nollaig 2005 maidir le scéim ceadúnúcháin FLEGT a bhunú i gcás allmhairí adhmaid isteach sa Chomhphobal Eorpach (IO L 347/1, 30.12.2005, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2005/2173/oj>)

Foilsíodh an dréacht-Rialachán Tarmligthe ar an tairseach um Rialáil Níos Fearr ar feadh tréimhse aiseolais 4 seachtaine ón 4 Bealtaine 2026 go dtí an 1 Meitheamh 2026, i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos sa Chomhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.

Ar bhonn an ionchuir a fuarthas ó pháirtithe leasmhara agus ón bplé leis na Ballstáit sa Ghrúpa Saineolaithe, cuireadh soiléiriú nua isteach faoi dhíorthaigh áirithe ola pailme chun a shoiléiriú nach bhfuil feidhm ag oibleagáidí Rialachán (AE) 2023/1115 maidir leis na táirgí sin i gcás ina n-úsáidtear iad chun táirgí íocshláinte a tháirgeadh lena n-úsáid ag an duine nó sa tréidliacht. Ina theannta sin, leathnaíodh an soiléiriú faoi tháirgí dramhaíola chun díorthaigh bhreise ola pailme a chumhdach d'fhonn a shoiléiriú nach bhfuil táirgí dramhaíola a úsáidtear mar bhunábhar chun bithbhreoslaí a tháirgeadh faoi réir oibleagáidí Rialachán (AE) 2023/1115. Modhnaíodh aithris 17 freisin chun í a ailíniú leis na táirgí a chumhdaítear le Caibidil 48 den Ainmníocht Chomhcheangailte a bhfuil feidhm ag an soiléiriú faoi mhargaíocht agus faoi fhaisnéis ábhair maidir leo. Ar deireadh, chun an t-am is gá a thabhairt d'oibreacha eacnamaíocha, d'údarais inniúla agus d'údarais chustaim chun oiriúnú do na catagóirí nua táirgí a cuireadh le raon feidhme Rialachán (AE) 2023/1115, rinneadh foráil maidir le cur i bhfeidhm iarchurtha go dtí an 30 Nollaig 2027 le haghaidh na dtáirgí sin.

An tráth céanna, níor áiríodh sa Ghníomh Tarmligthe na moltaí a rinne roinnt páirtithe leasmhara san aiseolas poiblí maidir le díolúine spriocdhírthe a thabhairt do pháirteanna spártha agus do pháirteanna seirbhíse oidhreacht a raon feidhme Rialachán (AE) 2023/1115. Ós rud é go gcuimsítear na codanna sin le cóid CC 4010 agus 4016, a mholtar a eisiamh ó Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/1115, níor measadh go raibh gá le díolúine spriocdhírthe. Cuireadh as an áireamh an iarraidh chun an soiléiriú faoi ábhar pacála a leathnú chun pacáistíocht athchuir, tugtha ar ais, deisiúcháin agus seirbhíse a áireamh mar aon le hábhar taispeántais díolphointe agus cur chun cinn ós rud é go bhféadfadh sé bealach éalaithe a chruthú maidir le cur chun feidhme Rialachán (AE) 2023/1115.

Anuas ar na moltaí ó na páirtithe leasmhara agus ó na Ballstáit maidir le soiléirithe faoi chatagóirí éagsúla táirgí, rinneadh meastóireacht ar 25 chód táirge mar thoradh ar mholtaí a rinne páirtithe leasmhara san aiseolas poiblí maidir lena gcur san áireamh nó a n-eisiamh ó Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/1115. Rinneadh measúnú ar na cóid táirge a moladh lena gcur san áireamh nó a n-eisiamh trí bhithin na modheolaíochta a chuirtear i láthair sa Doiciméad Inmheánach Oibre is bonn taca leis an nGníomh Tarmligthe seo. Ar bhonn thorthaí na modheolaíochta, áirítear sé athrú spriocdhírthe i dtéacs deiridh an Ghnímh Tharmligthe.

Mar gheall ar a laghad rubair nádúrtha atá in earraí as rubar bolcánaithe agus criosanna tarchurtha as rubar bolcánaithe (Cód CC 4010 agus 4016) agus dá bhrí sin, a laghad a chuireann siad leis an dífhoraísiú, baineadh iad d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/1115. Ar an gcuma chéanna, cuimsítear leis an gCód CC le haghaidh suíochán (Cód CC 9401) suíocháin aerárthaí agus suíocháin mótarfheithiclí ina mbíonn méid an-bheag adhmaid agus dá bhrí sin, bíonn tionchar teoranta acu ar an dífhoraísiú agus ar an díghrádú foraoisí. Dá bhrí sin, cuíchóiríodh Cód CC 9401 agus cuireadh ina ionad an liosta sonrach de chóid suíochán agus páirteanna de shuíocháin a dhéantar as adhmaid, nach n-áirítear leo suíocháin aerárthaí ná suíocháin mhótarfheithiclí.

Ina theannta sin, baineadh pónairí soighe a úsáidtear le haghaidh an tsíolchuir de raon feidhme Rialachán (AE) 2023/1115 ós rud é nach bhfuil ach méideanna diomaibhseacha trádála i gceist leo agus gur cuid de shlabhra luacha ar leithligh iad a bhfuil córais deimhniúcháin, tástála agus inrianaitheachta ar leith i bhfeidhm ina thaobh. Ar deireadh, cuireadh díorthach breise ola pailme (CC 2916 15 Aigéad oiléach, aigéad líonoiléach agus aigéad líonóiléineach,

a gcuid salann agus eistear) leis an nGníomh Tarmligthe chun comhsheasmhacht a áirithiú ar fud shlabhra soláthair na n-oiléicheimiceán agus chun athlonnú an riosca dífhoraoisithe a sheachaint.

Níorbh fhéidir glacadh leis na 19 moladh eile maidir le cóid bhreise táirgí a áireamh in Iarscríbhinn I nó a eisiamh uaidh. Roinnt táirgí a iarradh lena n-eisiamh, d'éirigh leo pas a fháil san anailís ar chostais agus tairbhí a chuirtear i láthair sa Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin (méid lenar moladh iad a fhágáil faoin raon feidhme) agus táirgí eile a iarradh lena n-áireamh, níor éirigh leo pas a fháil san anailís ar chostais agus tairbhí (méid lenar moladh gan iad a áireamh sa raon feidhme). Is iad seo a leanas na táirgí a iarradh a n-eisiamh agus ar éirigh leo pas a fháil san anailís ar chostais agus tairbhí agus dá bhrí sin a fhágfar faoin raon feidhme: Feoil ullmhaithe agus leasaithe (Cód CC 1602 50); agus blaoscanna, mogaill agus craicne cócó agus dramhail eile cócó (Cód CC 1802). Is iad seo a leanas na táirgí a iarradh a n-áireamh agus nár éirigh leo pas a fháil san anailís ar chostais agus tairbhí agus dá bhrí sin nach n-áirítear sa raon feidhme: balúin rubair (Cód CC 9503 00 99); gallúnach i bhfoirmeacha eile (3401 19 00); dromchlaghníomhaithe agus glantaigh (Cód CC 3402 39, 3402 41, 3402 42, 3402 49); ábhair chomhchodacha as adhmaid agus plaisteach (Cód CC 39). Rinneadh measúnú freisin ar na neamhshiméadrachtaí a d'fhéadfadh a bheith ann idir oiléicheimiceáin a dhíorthaítear ó shoighe agus ó phailm ola trí bhíthin na modheolaíochta sa Doiciméad Inmheánach Oibre agus thángthas ar an gconclúid ar bhonn na dtorthaí nár éirigh le díorthaigh bhreise soighe pas a fháil san anailís ar chostais agus tairbhí chun iad a chur san áireamh.

Rinneadh measúnú cheana féin sa Doiciméad Inmheánach Oibre a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe ar an bhféidearthacht bithbhreoslaí (Cód CC 3826 00), caife ar an toirt (Cód CC 2101 11 00) agus ullmhóidí a úsáidtear i mbeathú ainmhithe (cód CC 2309) a áireamh agus ar an bhféidearthacht cáca ola agus iarmhair sholadacha eile cnónna pailme nó eithní pailme (Cód CC 2306 60) a bhaint.

Ar deireadh, ní fhéadfaí glacadh leis an moladh maidir le hiarmhair adhmaid agus seachtháirgí muilinn sábhadoireachta a thagann faoi Chód CC 4401 a bhaint ó rud é go rialaítear na táirgí sin cheana féin faoin Rialachán Adhmaid AE, agus bhí tacaíocht ó na hearnálacha tionsclaíochta ábhartha in easpa ar an iarraidh freisin. Ós rud é nach léirítear sa mhodheolaíocht a chuirtear i láthair sa Doiciméad Inmheánach Oibre a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe na tairbhí comhshaoil a bhaineann le laghdú ar an díghrádú foraoisí, ní raibh an measúnú ar na tairbhí comhshaoil a d'fhéadfadh a bheith ag baint le roinnt táirgí cinntitheach. Áirítear leis sin moltaí chun leabhair chlóite, nuachtáin, pictiúir agus táirgí eile de chuid an tionscail clódóireachta (cód CC 49) a áireamh an athuair agus uirlisí adhmaid agus gréithe cistine adhmaid (Cód CC 4417 agus 4419) a bhaint d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/1115. Agus an easpa tacaíochta ó earnálacha ábhartha tionsclaíochta do na hiarrataí á cur san áireamh, níor glacadh na tograí sin.

Léiríodh le linn na tréimhse aiseolais phoiblí freisin go raibh tuairimí éagsúla ann maidir le seithí, craicne agus leathar ó eallach (Cód CC 4101, 4104 agus 4107) a eisiamh agus gallúnach (Cód CC 3401 11 00 agus 3401 20) a chur san áireamh, mar a bhí beartaithe. Maidir le gallúnach, tugtar údar lena áireamh in Iarscríbhinn I ós rud é gur gá comhleanúnachas agus éifeachtacht a áirithiú ar feadh an tslabhra soláthair, mar a mhínítear sa Doiciméad Inmheánach Oibre. Maidir le leathar, aithnítear sa Doiciméad Inmheánach Oibre a ghabhann leis an dréacht-Ghníomh Tarmligthe na buntáistí móra comhshaoil atá ann mar thoradh ar leathar a choinneáil faoi raon feidhme an Rialacháin maidir le Dífhoraoisí i gcomparáid leis na costais comhlíontachta réasúnta íseal atá ann. Na breithnithe maidir leis an slabhra soláthair agus an t-ualach a chuirfeadh an réiteach malartach (táirgí a dhíorthaítear ó

leathar) a chuirtear i láthair sa Doiciméad Inmheánach Oibre ar Chóras Faisnéise an Rialacháin maidir le Dífhoraioisiú, tugann siad údar leis an mbaint atá beartaithe.

Mar a shonraítear in Airteagal 34(2) pointe i de Rialachán (AE) 2023/1115, beidh an mheastóireacht ar a raon feidhme agus leasú nó leathnú ar an liosta táirgí ábhartha ina cuid den athbhreithniú ginearálta a dhéanfar in 2030 dá bhforáiltear le hAirteagal 34(2) den Rialachán.

3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Luaitear in Airteagal 1 go leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/1115 leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán Tharmligthe seo.

Le hAirteagal 2, leagtar amach dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin Tharmligthe seo.

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN

an 13.7.2026

lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/1115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis an liosta de thráchtearraí ábhartha agus de táirgí ábhartha

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2023/1115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Bealtaine 2023 maidir le tráchtearraí agus táirgí áirithe atá bainteach leis an dífhoraoiníú agus leis an díghrádú foraoisí a chur ar fáil ar mhargadh an Aontais agus a onnmhairiú ón Aontas agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 995/2010⁴, agus go háirithe Airteagal 34(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán (AE) 2023/1115, leagtar síos rialacha arb é is aidhm dóibh íoslaghdú a dhéanamh ar an méid a chuireann an tAontas leis an dífhoraoiníú agus leis an díghrádú foraoisí. Déanann sé amhlaidh trí oibleagáidí díchill chuí a fhorchur ar oibreoirí, ar oibreoirí iarteachtacha agus ar thrádálaithe a chuireann tráchtearraí agus táirgí ábhartha a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán sin ar mhargadh an Aontais, a chuireann iad ar fáil ar mhargadh an Aontais nó a onnmhairíonn iad ó mhargadh an Aontais.
- (2) Is gá Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/1115 a leasú chun réitigh theicniúla theoranta spriocdhírthe a thabhairt isteach chun deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú d'oibreoirí, d'oibreoirí iarteachtacha, do thrádálaithe agus d'údarais inniúla maidir leis na catagóirí táirgí a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin sin. Ina theannta sin, is gá Iarscríbhinn I a leasú chun táirgí ábhartha a chur faoi raon feidhme an Rialacháin sin agus chun táirgí eile a bhaint de i bhfianaise na sonraí trádála, comhshaoil agus eacnamaíochta. Tá gá le hathruithe ar Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/1115 freisin chun nach gcuirfear táirgí díorthaithe iarteachtacha de thráchtearraí ábhartha áirithe ar mhargadh an Aontais gan oibleagáidí Rialachán (AE) 2023/1115 a chomhlíonadh, i gcás ina ndéanann sé sin dochar do chuspóirí an Rialacháin arb éard atá iontu an dífhoraoiníú agus an díghrádú foraoisí a chomhrac. Mar a shonraítear in Airteagal 34(2) pointe i de Rialachán (AE) 2023/1115, beidh an mheastóireacht ar a raon feidhme agus leasuithe ar an liosta táirgí ábhartha, lena n-áirítear seithí, craicne agus leathar ó eallach agus táirgí díorthaithe a chur san áireamh ina cuid den athbhreithniú ginearálta a dhéanfar in 2030 dá bhforáiltear le hAirteagal 34(2) den Rialachán. Chun na críche sin, leanfaidh an Coimisiún

⁴ Rialachán (AE) 2023/1115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Bealtaine 2023 maidir le tráchtearraí agus táirgí áirithe atá bainteach leis an dífhoraoiníú agus leis an díghrádú foraoisí a chur ar fáil ar mhargadh an Aontais agus a onnmhairiú ón Aontas agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 995/2010 (IO L 150, 9.6.2023, lch. 35, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2023/1115/oj>.)

d'fhaireachán a dhéanamh ar tháirgí ábhartha atá faoi réir na leasuithe ar Iarscríbhinn I.

- (3) Níl aon bhreisluach ag baint le hidirdhealú a dhéanamh idir Cód CC 0102 21 *Eallach, ainmhi pórucháin folaithe*, agus Cód CC 0102 29 *Eallach, eile* chun cuspóirí Rialachán (AE) 2023/1115 a bhaint amach. Trí Chód CC ex 0102 *Eallach beo* a chur in ionad an dá Chód CC, éascaítear cur chun feidhme an Rialacháin sin d'oibreoirí agus do thrádálaithe, gan a raon feidhme táirgí a athrú.
- (4) Is táirge díorthaithe d'eallach iad teangacha úra eallaigh. Cé go n-áirítear teangacha úra eallaigh i raon táirgí Rialachán (AE) 2023/1115, ní áirítear teangacha reoite eallaigh. Trí theangacha reoite eallaigh a eisiamh ó raon feidhme Rialachán (AE) 2023/1115, cruthaítear cur chuige ilroinnte neamhleanúnach le haghaidh na hearnála eallaigh agus le haghaidh oibreoirí a chuireann earraí ábhartha ar mhargadh an Aontais agus d'fhéadfadh sé a bheith mar thoradh air sin go n-athlonnófaí an riosca dífhoraoisithe seachas deireadh a chur leis. Thairis sin, ní bhaineann aon bhreisluach maidir le cuspóirí an Rialacháin sin a bhaint amach le teangacha úra eallaigh amháin a chuimsiú faoi raon feidhme Rialachán (AE) 2023/1115 agus an fhoirm reoite a eisiamh. Dá bhrí sin, ba cheart an cód CC 'ex 0206 21 00 Teangacha reoite eallaigh' a chur le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán sin.
- (5) Is táirgí díorthaithe d'eallach iad seithí, craicne agus leathar. I bhfianaise dhifreáil an tslabhra luacha iarteachtaigh leathair ón slabhra luacha feola, neamhshiméadrachtaí i sreafaí trádála idir feoil agus seithí, agus an luach eacnamaíoch réasúnta íseal a bhaineann le craicne agus seithí eallaigh i gcomparáid le feoil laistigh den táirgeadh foriomlán eallaigh, tá cumas teoranta ag oibreoirí eacnamaíocha san Aontas a éileamh ar a soláthraithe an fhaisnéis is gá chun Rialachán (AE) 2023/1115 a chomhlíonadh. Thairis sin, mar thoradh ar tháirgí leathair iarteachtacha a eisiamh ó raon feidhme Rialachán (AE) 2023/1115, cruthaítear cur chuige ilroinnte neamhleanúnach le haghaidh na hearnála leathair agus oibreoirí a chuireann na hearraí ábhartha ar mhargadh an Aontais agus d'fhéadfadh sé a bheith mar thoradh air sin go n-athlonnófaí an riosca dífhoraoisithe seachas deireadh a chur leis. Ar na cúiseanna sin, ba cheart na cóid CC 'ex 4101 Seithí agus craicne amha ó eallach (atá úr, nó saillte, triomaithe, aolta, picilte nó leasaithe ar bhealach eile, ach nach bhfuil súdaraithe, párchóirithe ná ullmhaithe thairis sin), bídís bearrtha nó scairghearrtha nó ná bídís', 'ex 4104 Seithí agus craicne súdaraithe nó crústaithe ó eallach, gan fionnadh orthu, bídís scairghearrtha nó ná bídís, ach gan ullmhú thairis sin orthu', agus 'ex 4107 Leathar ó eallach, a ndearnadh ullmhú breise air tar éis a shúdaraithe nó a chrústaithe, lena n-áirítear leathar párchóirithe, gan fionnadh air, bíodh sé scairghearrtha nó ná bíodh, cé is moite de leathar atá faoi cheannteideal 4114', a bhaint d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/1115.
- (6) Is cineál caife é caife ar an toirt a dhéantar as pónairí caife grúdaithe a próiseáladh agus a triomaíodh ina bpúdar nó ina ngráinníní. Cé go n-áirítear pónairí rosta caife nó pónairí caife amh i raon táirgí Rialachán (AE) 2023/1115, ní áirítear caife ar an toirt ann, d'ainneoin go gcuireann sé leis an dífhoraioisiú agus leis an díghrádú foraoise. Trí chaife ar an toirt a eisiamh ó raon feidhme Rialachán (AE) 2023/1115, cruthaítear cur chuige ilroinnte agus neamhleanúnach le haghaidh na hearnála caife agus le haghaidh oibreoirí a chuireann na hearraí ábhartha ar mhargadh an Aontais, ós rud é gur féidir caife ar an toirt a chur ar mhargadh an Aontais nó a onnmhairiú uaidh gan oibleagáidí Rialachán (AE) 2023/1115 a chomhlíonadh agus d'fhéadfadh sé a bheith mar thoradh air sin go n-athlonnófaí an riosca dífhoraoisithe seachas deireadh a chur leis agus ar deireadh thiar, go ndéanfaí dochar do chuspóirí an Rialacháin sin arb éard atá iontu an

dífhoraoisiú agus an díghrádú foraoisí a chomhrac. Dá bhrí sin, ba cheart an cód CC '2101 11 00 úisc, úsraí agus tiúcháin chaife' a chur le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán sin.

- (7) Cuimsíonn roinnt cód a liostaítear faoi 'Pailm Ola' agus 'Rubar' in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/1115 táirgí is féidir a mhonarú le tráchtearraí nach tráchtearraí ábhartha iad faoin Rialachán sin. Dá bhrí sin, is gá a shoiléiriú nach dtagann táirgí a áirítear san Iarscríbhinn sin faoi raon feidhme Rialachán (AE) 2023/1115 ach amháin a mhéid a tháirgtear iad trí úsáid a bhaint as tráchtearra ábhartha, trí 'ex' a chur leo roimh roinnt iontrálacha. Ina theannta sin, is gá a shoiléiriú cé na speicis a chuimsítear sna tráchtearraí 'Eallach', 'Pailm Ola', agus 'Rubar' chun a shoiléiriú nach dtagann táirgí faoi raon feidhme Rialachán (AE) 2023/1115 a mhéid a dhéantar as speicis eile iad. I gcás 'Adhmad', ní thagann táirgí a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/1115 faoi raon feidhme an Rialacháin sin má dhéantar iad as bambú, ratán, agus as ábhair eile de chineál adhmaid, amhail giolcacha, luachair, saileánach, raifia, grántuú atá glanta, tuartha nó daite, agus coirt teile chomh maith le bambúnna agus ratáin.
- (8) Is comhdhúile ceimiceacha iad oiléicheimiceáin a dhíorthaítear ó olaí agus sailhte nádúrtha, a fhaightear de ghnáth ó phlandaí agus ó ainmhithe, lena n-áirítear ola pailme. Úsáidtear oiléicheimiceáin mar amhábhair nó mar tháirgí idirmheánacha i raon leathan feidhmeanna, lena n-áirítear monarú péinteanna agus bratuithe, táirgí cógaisíochta, bealaí agus breiseáin bhia. Ní áirítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/1115 na díorthaigh ábhartha uile d'ola pailme a úsáidtear sa tionscal oiléicheimiceán. Is é an toradh a bhíonn ar oiléicheimiceáin áirithe a eisiamh ó raon feidhme Rialachán (AE) 2023/1115 go mbíonn feidhm ag rialacha éagsúla maidir le hoibreoí a chuireann earraí ábhartha ar mhargadh an Aontais, ós rud é gur féidir oiléicheimiceáin áirithe a chur ar mhargadh an Aontais nó a onnmhairiú uaidh gan oibleagáidí Rialachán (AE) 2023/1115 a chomhlíonadh agus d'fhéadfadh sé a bheith mar thoradh air sin go n-athlonnófaí an riosca dífhoraoisithe seachas deireadh a chur leis agus ar deireadh thiar, go ndéanfaí dochar do chuspóirí an Rialacháin sin arb éard atá iontu an dífhoraoisiú agus an díghrádú foraoisí a chomhrac. Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/1115 a leasú chun cód CC díorthach breise ola pailme a áireamh ar cuid den slabhra soláthair oiléicheimiceán iad agus a úsáidtear chun oiléicheimiceáin a mhonarú.
- (9) Chun sláinte agus sábháilteacht an duine agus ainmhithe a chosaint, níor cheart feidhm a bheith ag na hoibleagáidí a leagtar síos i Rialachán (AE) 2023/1115 a mhéid a úsáidtear na táirgí ábhartha chun táirgí íocshláinte a mhonarú lena n-úsáid ag an duine nó sa tréidliacht faoi raon feidhme Threoir 2001/83/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁵, Rialachán (CE) Uimh. 726/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón

⁵ Treoir 2001/83/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Samhain 2001 maidir leis an gcód Comhphobail a bhaineann le táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine (IO L 311, 28.11.2001, lch. 67, <http://data.europa.eu/eli/dir/2001/83/oj>).

gComhairle⁶, nó Rialachán (AE) 2019/6 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁷).

- (10) Is éard is boinn atráchtaithe ann boinn chaite ag deireadh a saolré. Tríd an bpróiseas atráhta, cuirtear trácht rubair nua ar sheanchásáil an bhoinn, rud a chuireann le saolré an bhoinn. Tá tionchar réasúnta teoranta ag tráchtanna nua boinn a úsáidtear chun boinn chaite a atráchtadh ar an dífhoraíocht agus ar an díghrádú foraoise. Thairis sin, cuireann an t-atráchtadh síneadh le saolré bonn caite agus dá bhrí sin, spreagtar cleachtais chiorclacha atá tíosach ar acmhainní. Dá bhrí sin, ba cheart cód CC ex 4012 90 30 a chur in ionad cód CC ex 4012 in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/1115 chun na hoibleagáidí faoin Rialachán sin a theorannú don trácht nua rubair amháin.
- (11) Bíonn méideanna beaga rubair nádúrtha i gcriosanna iompair, i gcriosanna tarchurtha agus in earraí eile as rubar bolcánaithe a chumhdaítear le cóid 4010 agus 4016 den Ainmníocht Chomhcheangailte agus dá bhrí sin, tá an méid a chuireann siad leis an dífhoraíocht teoranta. Níl sé comhréireach na táirgí sin a chur faoi réir na n-oibleagáidí a leagtar síos i Rialachán (AE) 2023/1115 i bhfianaise an mhéid a rannchuidíonn siad le cuspóirí an Rialacháin sin a bhaint amach. Dá bhrí sin, ba cheart Cóid CC ‘ex 4010 Criosanna nó beilteanna iompair nó tarchurtha, as rubar bolcánaithe’ agus ‘ex 4016 Earraí eile as rubar bolcánaithe seachas rubar cruá, nach bhfuil sonraithe in áit eile i gcaibidil 40’ a scriosadh ó Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/1115.
- (12) Áirítear pónairí soighe a úsáidtear sa tionscal bia, sa tionscal beatha agus sa tionscal ceimiceán in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/1115 ach áirítear inti freisin pónairí soighe a úsáidtear le haghaidh an tsíolchuir. Ní bhíonn ach méideanna diomaibhseacha trádála i gceist leis na pónairí soighe a úsáidtear le haghaidh an tsíolchuir agus is cuid de shlabhra luacha ar leithligh iad a bhfuil córais deimhniúcháin, tástála agus inrianaitheachta ar leith i bhfeidhm ina thaobh. Agus an plean ón gCoimisiún maidir le hathléimneacht, uathriail straitéiseach agus inbhuanaitheacht i gcóras próitéine an Aontais⁸ á chur san áireamh, níl sé comhréireach pónairí soighe a úsáidtear le haghaidh an tsíolchuir a chur faoi réir na n-oibleagáidí a leagtar síos i Rialachán (AE) 2023/1115 i bhfianaise an mhéid a rannchuidíonn siad le cuspóirí an Rialacháin a bhaint amach. Ar na cúiseanna sin, agus i gcomhréir le Fís 2025 le haghaidh na Talmhaíochta agus an Bhia⁹, ba cheart an Cóid CC ‘1201 90 00 Pónairí soighe, bídis briste nó ná bídis: Eile’ a chur in ionad Chód CC

⁶ Rialachán (CE) Uimh. 726/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Márta 2004 lena leagtar síos nósanna imeachta an Aontais maidir le húdarú agus maoirseacht táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Leigheasra Eorpach (IO L 136, 30.4.2004, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2004/726/oj>).

⁷ Rialachán (AE) 2019/6 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le táirgí íocshláinte tréidliachta agus lena n-aisghairtear Treoir 2001/82/CE (IO L 4, 7.1.2019, lch. 43, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2019/6/oj>).

⁸ An Coimisiún Eorpach, Plean gníomhaíochta maidir le hathléimneacht, uathriail straitéiseach agus inbhuanaitheacht i gcóras próitéine an Aontais, an Bhruiséil, 7.7.2026, COM(2026) 355 final, <https://webgate.ec.europa.eu/circabc-ewpp/d/d/workspace/SpacesStore/ef70a412-028e-49c0-b966-7344a46952f1/download>.

⁹ Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, ‘Fís le haghaidh na Talmhaíochta agus an Bhia Eanáil tharraingteach feirmeoireachta agus agraibhia a mhúnlú le chéile le haghaidh na nglúnta atá le teacht’, an Bhruiséil, 19.2.25, COM/2025/75 final, [EUR-Lex - 52025DC0075 - GA - EUR-Lex](https://eur-lex.europa.eu/eli/reg/2025/75/oj).

‘1201 Pónairí Soighe, bídís briste nó ná bídís: eile’ in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/1115.

- (13) Tá méid beag adhmaid i suíocháin aerárthaí (9401 10 00) agus i suíocháin mótarfheithiclí (9401 20 00) a chumhdaítear le Cód CC ex 9401 agus dá bhrí sin, tá an méid a chuireann siad leis an dífhoraíocht agus leis an díghrádú foraoisí teoranta. Níl sé comhréireach na táirgí sin a chur faoi réir na n-oibleagáidí a leagtar síos i Rialachán (AE) 2023/1115 maidir lena rannchuidiú le cuspóirí an Rialacháin sin a bhaint amach. Ar an gcúis sin, ba cheart an liosta sonracha de chóid suíochán agus páirteanna de shuíocháin a dhéantar as adhmaid nach n-áirítear leo suíocháin aerárthaí ná suíocháin mhótarfheithiclí a chur in ionad Chód CC ex 9401 in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/1115.
- (14) D’fhéadfadh iontrálacha áirithe in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/1115 a bheith ina gcúis le débhríocht maidir le cé acu a thagann nó nach dtagann dramhaíl, táirgí úsáidte agus táirgí athlámhe faoi raon feidhme Rialachán (AE) 2023/1115, rud a dhíspreagfadh, dá bhrí sin, cleachtais chiorclacha agus atá tiosach ar acmhainní. Dá bhrí sin, cuireadh soiléiriú isteach maidir le Cód CC áirithe chun a shoiléiriú nach dtagann táirgí a chumhdaítear leis na cóid sin faoi raon feidhme an Rialacháin i gcás ina gcáilíonn siad mar dhramhaíl de réir bhrí Airteagal 3, pointe (1) de Threoir 2008/98/CE¹⁰, nó mar tháirgí úsáidte nó mar tháirgí athlámhe. Is amhlaidh an cás maidir le comhpháirteanna de tháirgí ábhartha a chumhdaítear leis na cóid sin má cháilíonn siad mar dhramhaíl, mar tháirgí úsáidte nó mar tháirgí athlámhe.
- (15) Samplaí de tháirgí agus táirgí a úsáidtear chun scrúdú, anailís agus tástáil a dhéanamh de réir bhrí Airteagail 86 agus 95 de Rialachán (CE) Uimh. 1186/2009 ón gComhairle¹¹, úsáideann oibreoirí eacnamaíocha iad chun críoch éagsúil amhail tástáil cáilíochta, bailíochtú deartha, agus taighde margaidh ach chun críoch anailíse freisin. Tá luach agus cainníocht dhiomaibhseach ag baint le samplaí táirgí agus is féidir le cuideachtaí iad a úsáid chun ordúithe a lorg ó sholáthróirí nua. Úsáideann oibreoirí eacnamaíocha táirgí a úsáidtear chun scrúdú, anailís agus tástálacha a dhéanamh chun a gcomhdhéanamh, a gcáilíocht nó a saintréithe teicniúla eile a chinneadh chun críoch faisnéise nó taighde tionsclaíoch, tráchtála nó eolaíoch. Ídítear na táirgí sin go hiomlán nó scriostar na táirgí sin le linn an scrúdaithe, na hanailíse nó na tástála nó coimeádtar nó tugtar ar ais iad gan aon chúis ná aon chuspóir eile seachas oibleagáidí dlíthiúla nó conarthacha a bhaineann le scrúdú, anailís nó tástáil a chomhlíonadh. Samplaí de tháirgí agus de tháirgí a úsáidtear chun scrúdú, anailís agus tástáil a dhéanamh, féadfaidh siad teacht ó sholáthróirí nach bhfuil caidreamh conarthach ag an gcuideachta leo go fóill, agus a bhféadfaidh sé nach ndéanfaidh siad comhaontú conarthach a dhéanamh leo go deo. Ní bheadh sé comhréireach samplaí táirgí agus táirgí a úsáidtear chun scrúdú, anailís agus tástáil a dhéanamh a chur faoi Rialachán (AE) 2023/1115 maidir lena rannchuidiú le cuspóirí an Rialacháin sin a bhaint amach. Dá bhrí sin, ba cheart a shoiléiriú le Rialachán (AE) 2023/1115 nach dtagann samplaí de tháirgí agus táirgí a ndéantar scrúdú, anailís nó tástálacha orthu faoi raon feidhme an Rialacháin sin.

¹⁰ Treoir 2008/98/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Samhain 2008 maidir le dramhaíl agus lena n-aisghairtear Treoracha áirithe (IO L 312, 22.11.2008, lch. 3. ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2008/98/oj>).

¹¹ Rialachán (CE) Uimh. 1186/2009 ón gComhairle an 16 Samhain 2009 lena mbunaítear Córas Comhphobail d’fhaoisimh ó dhleacht chustaim (IO L 324, 10.12.2009, lch. 23, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2009/1186/oj>).

- (16) Ábhair phacála agus coimeádáin phacála a chuirtear ar mhargadh an Aontais nó a onnmhairítear mar tháirgí astu féin, tagann siad faoi raon feidhme Rialachán (AE) 2023/1115. Mar sin féin, ba cheart a shoiléiriú nach dtagann ábhair phacála agus coimeádáin faoi raon feidhme an Rialacháin sin nuair a úsáidtear iad chun tacú le táirge eile a chuirtear ar an margadh nó chun táirge eile a chuirtear ar an margadh nó a onnmhairítear a chosaint nó a iompar. Ina theannta sin, is féidir ábhair phacála agus coimeádáin ar léir go bhfuil siad oiriúnach lena n-úsáid arís agus arís eile a ath-onnmhairiú nó a chur ar fáil ar an margadh mar tháirgí astu féin agus, dá bhrí sin, is féidir iad a chur faoi réir oibleagáidí díchill chuí Rialachán (AE) 2023/1115. Dá bhrí sin, maidir le ábhair phacála agus coimeádáin ar léir ina leith go bhfuil siad oiriúnach lena n-úsáid arís agus arís eile agus a úsáidtear chun tacú le táirge eile a chuirtear ar an margadh nó chun táirge eile a chuirtear ar an margadh a chosaint nó a iompar agus a chuirtear i láthair leis an táirge sin, is gá a shoiléiriú nach dtagann siad faoi raon feidhme Rialachán (AE) 2023/1115 ón uair a úsáidtear iad chun na críche sin agus ansin ar aghaidh. Ní chumhdaítear na hábhair phacála ná na coimeádáin sin le Rialachán (AE) 2023/1115 gan beann ar cé acu a thagann nó nach dtagann an táirge a dtacaítear leis, a chosnaítear nó a iompraítear faoi raon feidhme an Rialacháin sin. Le hIarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/1115, eisiatar cheana féin ó raon feidhme Iontráil 4415, lena gcumhdaítear pacáil atá déanta as adhmaid, ábhar pacála a úsáidtear chun tacú le táirge eile a chuirtear ar an margadh nó chun táirge eile a chuirtear ar an margadh a chosaint nó a iompar. Mar sin féin, maidir le hábhair phacála aon úsaíde, coimeádáin, agus ábhar pacála agus coimeádáin ar léir go bhfuil siad oiriúnach lena n-úsáid arís agus arís eile a chumhdaítear le hiontrálacha eile in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/1115, ba cheart a shoiléiriú nach dtagann siad faoi raon feidhme an Rialacháin sin.
- (17) Ábhair mhargaíochta agus ábhair faisnéise, mar shampla lipéid, a chuirtear ar mhargadh an Aontais nó a onnmhairítear mar tháirgí astu féin, tagann siad faoi raon feidhme Rialachán (AE) 2023/1115 go ginearálta. Mar sin féin, maidir le hábhair mhargaíochta agus ábhair faisnéise a ghabhann le táirge eile nó a sholáthraítear saor in aisce chun críoch margaíochta nó faisnéise, ba cheart a shoiléiriú nach dtagann siad faoi raon feidhme an Rialacháin sin.
- (18) Tá cuspóir cumarsáide ag baint le hearraí comhfhreagrais, de réir bhrí Airteagal 1, pointe (26) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446 ón gCoimisiún¹², agus, dá bhrí sin, ní chuirtear iad ar an margadh ná ní chuirtear ar fáil ar an margadh iad. Dá bhrí sin, is gá a shoiléiriú nach dtagann míreanna comhfhreagrais faoi raon feidhme Rialachán (AE) 2023/1115.
- (19) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) 2023/1115 a leasú dá réir.
- (20) Chun soiléireacht dhlíthiúil agus am a chur ar fáil d'oibreoirí eacnamaíocha, d'údaráis inniúla agus d'údaráis chustaim maidir lena n-ullmhúcháin roimh theacht i bhfeidhm Rialachán (AE) 2023/1115, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.
- (21) Chun an t-am is gá a thabhairt d'oibreoirí eacnamaíocha, d'údaráis inniúla agus d'údaráis chustaim chun oiriúnú do na catagóirí nua táirgí a cuireadh le raon feidhme

¹² Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446 ón gCoimisiún an 28 Iúil 2015 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha mionsonraithe maidir le forálacha áirithe Chód Custaim an Aontais (IO L 343, 29.12.2015, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2015/2446/oj).

Rialachán (AE) 2023/1115, ba cheart cur i bhfeidhm forálacha áirithe den Rialachán a chur siar,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/1115 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach sna Ballstáit uile.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 13.7.2026

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN